Comhairle AE

**PRESS**
**GA**

**PREASEISIÚINT**
688/15
01/10/2015

# Rialacha maidir leis an bhfánaíocht agus leis an idirlíon oscailte arna nglacadh ag an gComhairle

An 1 Deireadh Fómhair 2015, rinne an Chomhairle rialacha nua le **deireadh a chur le táillí fánaíochta soghluaiste** san Aontas amhail ó lár na bliana 2017 a fhormheas go foirmiúil. Sa dlí nua freisin beidh **na chéad fhorálacha uile-Eorpacha chun rochtain ar an idirlíon oscailte a chosaint**.

Glacadh seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh ag cruinniú de chuid na Comhairle Iomaíochais gan é a phlé. Meastar go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa an téacs a ghlacadh ag an seisiún iomlánach a bheidh aici ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Is é sin deireadh an nós imeachta ar an dara léamh.

Tiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm trí lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Is é is dóichí go dtarlóidh sin i mí na Samhna.

- Rialachán maidir leis an bhfánaíocht agus an Idirlíon Oscailte: Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (téacs iomlán)
- Rialachán maidir leis an bhfánaíocht agus an Idirlíon Oscailte: Cúiseanna na Comhairle
- Rialachán maidir leis an bhfánaíocht agus an Idirlíon Oscailte: ráitis
- Deireadh le táillí fánaíochta: Deimhníonn an Chomhairle gur thángthas ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press